

Réamhrá	1
Cúlra	1
Aidhmeanna agus Cuspóirí	2
Modheolaíocht	2
An Pobal	3
Óstán.....	4
Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín	4
Bialanna.....	5
<i>Treochtaí agus Nuálaíochtaí</i>	5
Tithe Tábhairne.....	5
Caifes.....	6
Eispéireas Cuartaíochta/ Soláthraí Gníomhaíochta.....	6
Iostas féinfhreastail	6
Ionaid Champála & Páirceanna Carbhán.....	6
Bunlíne Fuinnimh	7
Breosla Iompair.....	8
Leictreachas.....	8
Ceirisín	8
LPG	8
Earnáil Turasóireachta & Fáilteachais Chorca Dhuibhne	9
Óstán	9
Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín	11
Bialanna.....	12
Tithe Tábhairne.....	14
Caifes	15
Ionaid Champála & Páirceanna Carbhán.....	17
Soláthraí Gníomhaíochtaí/Ní is Díol Spéise do Chuariteoirí	18
Clár Deiseanna	19
Taraifí Fuinnimh.....	19
Soláthar Leictreachais.....	20
<i>Struchtúr Taraife</i>	20
<i>Baile Vs Tráchtáil</i>	20
<i>Ráta Leictreachais</i>	20
<i>Taraif Sholúbtha Vs Sheasta</i>	20
Achoimre ar Tharaifí Fuinnimh.....	21
Soláthar LPG	21
Uasghráduithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.....	22
<i>Soilse</i>	22
<i>Fearais</i>	22
Micrighiniúnt	23
Micrighiniúnt Grianphainéal Fótavoltach	23
<i>BialannDhéanach</i>	23
<i>Teach Lóistín Mór Leaba&Bricfeasta</i>	24
<i>Tábhairne</i>	24
Uasghráduithe Creatlaí.....	24
Uasghráduithe Cuisnithe	25
Aisghabháil Teasa.....	25
Uasghráduithe Téimh oíche.....	25
Uasghráduithe Téimh Uisce	26
Leictriú an fhlít.....	26
Breosla iompair a ionadú le bithbhreoslaí	27
<i>OGH (Ola Glasraí Hidreachóireáilte)</i>	27

<i>Dileá Anaeróbach</i>	27
Bonneagar Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha.....	27
Treochlár	29
Deiseanna suntasacha de réir na catagóire.....	30

Fior

Fior 1: Mionsonraí maidir le PFI	1
Fior 2 Modheolaíocht.....	2
Fior 3: Líon na ngnóthaí i ngach catagóir	4
Fior 4: Éileamh lomlán ar Fhuinneamh [kWh].....	7
Fior 5: Éileamh lomlán ar Fhuinneamh (€).....	7
Fior 6: Éileamh lomlán ar Fhuinneamh (TCO _{2e}).....	8
Fior 7: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Óstáin	9
Fior 8: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Óstáin.....	10
Fior 9: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Óstáin	10
Fior 10: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín.....	11
Fior 11: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín	11
Fior 12: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Tithe Leaba&Bricfeasta / Tithe Lóistín	12
Fior 13: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Bialainne	12
Fior 14: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Bialainne.....	13
Fior 15: Meán-bhialann Miondealú ar Leictreachas	13
Fior 16: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Tithe Tábhairne	14
Fior 17: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Tithe Tábhairne.....	14
Fior 18: Miondealú ar Mheánleictreachas Tithe Tábhairne.....	15
Fior 19: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Caifé	15
Fior 20: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Caifé.....	16
Fior 21: Miondealú ar Mheánleictreachas Caifé.....	16
Fior 22: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Ionaid Champála	17
Fior 23: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Ionaid Champála.....	17
Fior 24: Meánionad Campála Miondealú ar Leictreachas.	18
Fior 25: Próifíl ídithe fuinnimh bialainne déanaí Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh	23
Fior 26: Próifíl ídithe fuinnimh Tí Lóistín Mhóir Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh.....	24
Fior 27: Próifíl ídithe fuinnimh tí tábhairne Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh	24

Tábla

Tábla 1: Cineálacha breoslaí a d'úsáid an soláthraí gníomhaíochtaí agus na nithe is díol spéise.....	18
Tábla 2: Chomparáid ÚFIÉ ar Chostais Fuinnimh – Ráithe 1 2024. (ÚFIÉ, 2024)	20
Tábla 3: Taraif Sholúbtha Vs Sheasta.	21
Tábla 4: Laghdú fuinnimh agus deiseanna.	29
Tábla 5: Rátálacha deiseanna.....	30
Tábla 6: Deiseanna suntasacha de réir na catagóire.....	31

Gluais Téarmaí

F&TCD – Turasóireacht & Fáilteachas Chorca Dhuibhne

CD – Corca Dhuibhne

PFI – Pobal Fuinnimh Inmharthana

MPF – Máistirphlean Fuinnimh

ÉIF – Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh

MW – Meigeavata

MWh – Meigeavatuairéanta

kW – Cileavata

kWh – Cileavatuairéanta

HRU – Aonad Aisghabhála Teasa

DSF – Dlúthsholas Fluairiseach

LED – Dé-óid Astaithe Solais

PV – Fótvoltach

STFI – Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite

CD – Clár Deiseanna - liosta de dheiseanna féideartha éifeachtúlachta fuinnimh a tharraingíonn aird ar na háiteanna ar féidir coigilteas fuinnimh agus costais a dhéanamh, agus tarraingítear aird sa CD freisin ar an tairbhe is féidir a bhaint as deiseanna sonrathé agus tionchar comhshaoil

Is é cuspóir na tuarascála seo torthaí agus moltaí an iniúchta fuinnimh a rinneadh d'Earnáil Turasóireachta & Fáilteachais Chorca Dhuibhne (T&FCD), Pobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) i Leithinis an Daingin, a chur i láthair. DCSix Technologies a rinne an bhunlíne agus an obair, comhairleoir fuinnimh neamhspleách, idir Eanáir 2023 agus Márta 2024, agus é mar aidhm patrúin ídithe fuinnimh a shainnithint, feidhmíocht fuinnimh a thagarmharcáil, agus deiseanna éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a mholadh don earnáil. Tá gach bunlíne fuinnimh bunaithe ar shonraí billeála 2022 agus ar shonraí monatóireachta 2023.

Clúdaítear na gnéithe seo a leanas sa tuarascáil:

- Cúlra agus comhthéacs Earnáil F&TCD agus thionscnamh PFI, lena n-áirítear fíis, cuspóirí agus scóip an tionscadail.
- An mhodheolaíocht agus na foinsí sonraí a úsáideadh don iniúchadh fuinnimh, lena n-áirítear na cuairteanna suímh, suirbhéanna, agallaimh agus tomhais a rinneadh do shampla ionadaíoch de 25 gnó ón earnáil.
- Anailís agus torthaí an iniúchta fuinnimh, lena n-áirítear an miondealú ar ídiú fuinnimh bunaithe ar an gcineál breosla, úsáid deiridh agus catagóir ghnó, an chomparáid idir na táscairí feidhmíochta fuinnimh agus na tagarmharcanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus sainnithint príomhthiománaithe agus príomhbhacainní a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le fuinneamh in-athnuaite san earnáil.
- An Clár Deiseanna (CD), liosta de bhearta féideartha éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite ar féidir leis na gnóilachtaí san earnáil a chur chun feidhme, a tharraingíonn aird ar an gcoigilteas measta fuinnimh agus costais, tréimhsí aisíoca agus tairbhí comhshaoil gach beart.
- Na moltaí agus na chéad chéimeanna eile don Earnáil F&TCD agus do choiste stiúrtha PFI, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do bhearta CD agus plean gníomhaíochta a fhorbairt, mar aon le córas monatóireachta agus meastóireachta a bhunú.
- In 2022, d'úsáid an Earnáil F&TCD 29,913 MWh d'fhuinneamh, atá coibhéiseach le €5.9 milliún i gcostais fuinnimh agus 8,170 tona d'astaíochtaí CO₂ in 2022. Bhí an earnáil iompair freagrach as 29% agus bhain 24% den ídiú fuinnimh le leictreachas, agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí ola (21%), GPL (21%) agus Breosla Soladach (5%).
- Seo a leanas na príomhúsáidí deiridh fuinnimh san Earnáil F&TCD - téamh oíche, soilse, uisce te, lónadóireacht, agus fuarú agus cuisniú. Bhí éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara san ídiú fuinnimh ag brath ar an gcatagóir ghnó; ba iad óstáin an earnáil ba dhéine ar fhuinneamh, agus tithe tábhairne agus bialanna, iostas féinfhreastail, agus tithe aíochta agus tithe Leaba & Bricfeasta.
- - Sainnithníodh sa CD 115 deis éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite don Phobal F&TCD, agus costas iomlán infheistíochta de €18 milliún agus coigilteas iomlán bliantúil de €3 mhilliún sa bhliain. Tá an mheántréimhse aisíoca atá luaite leis na 5 bheart CD ag barr an liosta cothrom le níos lú ná 1.5 bhliain. Is iad na bearta is costéifeachtaí agus is mó tionchair na hathbhreithnithe taraife, iniúchtaí, iarfheistiú soilse LED agus suiteálacha grianphainéal fótavoltacha.
- D'fhéadfadh an Earnáil F&TCD a hídiú fuinnimh a laghdú 75% agus a lorg carbóin a laghdú 85% trí bhearta CD a chur chun feidhme, agus tairbhí suntasacha eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaint amach agus cur le fíis PFI a bheidh ag feidhmiú mar cheann scríbe atá ísealcharbón agus inbhuanaithe.


Moltar sa tuarascáil go ndéanadh an Eanáil F&TCD agus an coiste stiúrtha PFI na gníomhartha seo a leanas:

1. Torthaí an iniúchta fuinnimh agus an CD a roinnt le gnóthaí san eanáil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun na bearta a chur chun feidhme.
2. Sásra maoinithe a bhunú mar aon le struchtúr bainistíochta tionscadail chun maoiniú agus seachadadh na mbeart CD a éascú, tairbhe a bhaint as scéimeanna agus as dreasachtaí atá ann cheana cosúil le STFI, deontais ÚFIÉ, STFIM agus iasachtaí glasa.
3. Plean gníomhaíochta agus treochlár a fhorbairt don Eanáil F&TCD, spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhunú mar aon le garspriocanna d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'fhuinneamh in-athnuaite, agus iad a ailíniú le beartais agus le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha.
4. Córas monatóireachta agus meastóireachta a chur chun feidhme chun dul chun cinn agus tionchar na mbeart CD agus an phlean gníomhaíochta a rianú, trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta agus as sásraí aiseolais, agus tuairisciú ar éachtaí agus ar dhúshláin an tionscnaimh PFI.
5. Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara eile agus le comhpháirtithe, cosúil le Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí agus Mol Chorca Dhuibhne, chun tacú leis an tionscnamh PFI agus chun dea-chleachtais agus ceachtanna foghlama ón eanáil F&TCD a roinnt.

Tá achoirme an plean seo le fáil ag an nasc [Achoirme Máistirphlean Fuinnimh Turasóireacht agus Fáilteachas Chorca Dhuibhne](#).

Réamhrá

Turasóireacht & Fáilteachas Chorca Dhuibhne Laistigh den tionscal seo, cruthaíodh an Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) in 2023 le tacaíocht ó Fháilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí agus Mol Chorca Dhuibhne, agus páirteach ann tá 120 gnó (ionadaíocht cothrom le 36%). Bunaíodh coiste stiúrtha ar a bhfuil 16 ionadaí ó phobal Thurasóireacht & Fháilteachas Chorca Dhuibhne.



Fíor 1: Mionsonraí maidir le PFI

Déanann PFI ionadaíocht ar chineálacha gnó éagsúla, agus is féidir freagróirí an tsuirbhé a roinnt mar seo a leanas.

- Tá an mhaoin óna bhfuil a ngnó á dhéanamh faoi úinéireacht 69% de ghnóthaí.
- Tá an mhaoin óna bhfuil a ngnó á dhéanamh léasaithe ag 31% de ghnóthaí, agus is léas gearrthéarmach atá ag 76% díobh sin, rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a gcumas bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Is faoi úinéireacht teaghlaigh atá 56% de ghnóthaí agus tá sé beartaithe acu an gnó a thabhairt don chéad ghlúin eile.

Cúlra

Is ceann scríbe é Leithinis Chorca Dhuibhne a bhfuil an-tóir ag turasóirí air atá suite in iardheisceart na hÉireann ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, ceann scríbe a mheallann cuairteoirí as ar fud an domhain mar gheall ar a áilleacht, oidhreacht chultúrtha agus gníomhaíochtaí éagsúla. Is foinse ioncaim agus fostaíochta ríthábhachtach í an earnáil turasóireachta agus fáilteachais do phobal áitiúil Leithinis Chorca Dhuibhne. É sin ráite, tá dúshlán shuntasacha le sárú ag an earnáil freisin i ndáil le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht, go háirithe i gcomhthéacs an chostais maireachtála, na géarchéime tithíochta agus na géarchéime aeráide. Dá réir sin, tá sé riachtanach Máistirphlean Fuinnimh (MPF) a fhorbairt a chabhróidh leis an earnáil chun a héileamh fuinnimh a laghdú, an úsáid atá á baint aici as foinsí fuinnimh in-athnuaite a

mhéadú, agus a feidhmíocht comhshaoil a fheabhsú. Is tionscnamh comhoibríoch é MPF idir Pobal Turasóireachta & Fáilteachais Chorca Dhuibhne, Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) Chorca Dhuibhne agus gach páirtí leasmhar. Tá an tionscadal seo ag cur leis an rath a bhí ar PFI Fheirmeoirí Déiríochta Chiarraí Thiar, agus ba é an tionscadal seo an chéad PFI earnálach in Éirinn agus bhí sé mar bhonn le glacadh i bhfad níos tapa le teicneolaíochtaí cosúil le grianphainéil Fhótavoltacha laistigh den phobal sin.


Aidhmeanna agus Cuspóirí

Ba é cuspóir an Mháistirphlean Fuinnimh (MPF) athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais fuinnimh reatha a bhí in úsáid ag an bpobal agus ansin treochlár a chur ar fáil do mholtaí éifeachtúla, praiticiúla, costéifeachtacha do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fud PFI. Ag croílár na hiarrachta seo bhí forléargas ardleibhéil a chur ar fáil i bhfoirm Bunlíne Fuinnimh, ina soláthraítear miondealú ar éileamh fuinnimh foriomlán an phobail. Bunaíodh tuilleadh mionsonraí maidir le próisis ídithe fuinnimh i ndiaidh iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh agus monatóireacht fuinnimh a shuiteáil.

Roinneadh an tionscadal foriomlán sna cuspóirí seo a leanas.

1. Monatóireacht fuinnimh a shuiteáil in 16 ghnó.
2. Iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh in 21 gnó.
3. Bunlíne de mheastacháin úsáide fuinnimh a sholáthar do ghnóthaí rannpháirteacha trí chéile.
4. Moltaí mionsonraithe a sholáthar d'éifeachtúlacht fuinnimh ag leibhéal gnóthaí aonair.
5. Clár Deiseanna a bhunú ar mhaithe leis an éileamh fuinnimh a laghdú agus chun cabhrú leis an aistriú atá le déanamh ag baill PFI go dtí soláthar fuinnimh in-athnuaite.
6. Treochlár agus plean gníomhaíochta a chur ar fáil chun an Clár Deiseanna a chur chun feidhme ar bhealach atá eagraithe de réir tosaíochtaí.

Modheolaíocht



Fíor 2 Modheolaíocht

Mar atá thuasluaite, tá 337 gnó páirteach in Earnáil Turasóireachta agus Fáilteachais Chorca Dhuibhne. Chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar agus cuntas ar gach cineál gnó in MPF, bhí sé riachtanach roinnt seisiún mínitheach a réachtáil le páirtithe leasmhara sa phobal agus na cineálacha gnó a dhoiciméadú.

Cheadaigh toradh na hiarrachta sin 8 gcineál ghnó choiteanna T&F ar an leithinis a chatagóiriú agus tá eolas maidir leo le fáil i bhfíor

I ndiaidh na gcineálacha agus líon na ngnóthaí difriúla sa leithinis a dhoiciméadú bhí gá le léargas macraileibhéil ar fhuinneamh, acmhainní, foirgnimh agus samhlacha gnó ar fud an phobail. Taifeadadh breis is 3,000 pointe sonraí i ndáil le 67 de na baill phobail chun an cumas a bheith acu chun iompar, ídiú agus deiseanna difriúla a chur i gcomhthéacs ar fud na gcineálacha gnó éagsúla.

Le cois an léargais ag macraileibhéil, tá sé riachtanach tacair sonraí a ghiniúint ag micrileibhéil chun léargas cruinn a thabhairt ar phróisis fuinnimh dhifriúla ar fud cineálacha gnó éagsúla agus an léargas sin a úsáid chun costais, ídiú fuinnimh, roghanna, fonn athraithe, tionchar agus deiseanna atá ann a thuiscint.


Cur chuige maith maidir leis seo é iniúchadh agus agallamh mionsonraithe a dhéanamh i dteannta le tomhas thar thréimhse ama (monatóireacht). De ghnáth, ghlacfaí leis gur leor é sin chun tomhais mhionsonraithe a dhéanamh ar fhréamh chearnach mhéid iomlán an phobail (16 shuíomh). Rinne DCSix iniúchtaí ag 21 suíomh agus suiteáladh réitigh mhonatóireachta ag 16 shuíomh chun a chinntiú go raibh tacar sonraí cruinn á ghiniúint ag micrileibhéil. Cheadaigh sé sin faisnéis ghráinneach 1 nóiméad a bhailiú do 224 tomhaltóir leictreach difriúil laistigh den phobal do thréimhse 6 mhí.

Forbraíodh bunlíne fuinnimh don phobal bunaithe ar anailís ar bhillí agus ar shonraí ó cheistneoirí ar ghlac 67 rannpháirtí suirbhé páirt iontu a bhain le 8 rangú. Lena chois sin, rinneadh anailís ar 12 mhí de bhillí leictreachais do 21 suíomh iniúchta. Rinneadh crostagairt don dá thacar sonraí agus bailíochtaíodh iad lena chinntiú go n-ailíníonn siad agus go bhfuil siad ionadaíoch ar an gcineál gnó. Tá na sonraí bailíochtaíthe seo méadaithe de réir scála do gach cineál gnó chun bonn eolais a chur ar fáil don Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh (ÉIF) agus miondealaithe de réir na foinse breosla. N.B. baineann na sonraí ÉIF agus na sonraí gaolmhara leis an tréimhse sula mbaintear tairbhe as aon deis (cosúil le Grianphainéil Fhótavoltacha).

An Pobal

Forbraíodh bunlíne fuinnimh don phobal bunaithe ar anailís ar bhillí agus ar shonraí ó cheistneoirí ar ghlac 67 rannpháirtí suirbhé páirt iontu a bhain le 8 rangú. Lena chois sin, rinneadh anailís ar 12 mhí de bhillí leictreachais do 21 suíomh iniúchta. Rinneadh crostagairt don dá thacar sonraí agus bailíochtaíodh iad lena chinntiú go n-ailíníonn siad agus go bhfuil siad ionadaíoch ar an gcineál gnó. Tá na sonraí bailíochtaíthe seo méadaithe de réir scála do gach cineál gnó chun bonn eolais a chur ar fáil don Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh (ÉIF) agus miondealaithe de réir na foinse breosla. N.B. baineann na sonraí ÉIF agus na sonraí gaolmhara leis an tréimhse sula mbaintear tairbhe as aon deis (cosúil le Grianphainéil Fhótavoltacha). Tá na foinsí fuinnimh seo a leanas san áireamh sa Bhunlíne Fuinnimh.

1. Leictreachas
2. Gás Peitriam Leachtach
3. Ceirisín
4. Breosla Soladach (Móin, Adhmad etc.)
5. Breosla Iompair



Fíor 3: Líon na ngnóthaí i ngach catagóir

De bhrí gur pobal atá i gceist, díríonn an MPF seo ar éileamh ar fhuinneamh d'iompar Gnó cónaithe (más infheidhme) agus iompar flít faoi úinéireacht. Forbraíodh próifíl úsáide fuinnimh do gach earnáil trí úsáid a bhaint as sonraí ón mbun aníos, bunaithe ar bhíllí breosla iarbhir ó 2022. Bailíodh faisnéis trí cheistneoir fuinnimh a úsáid a seoladh trí ríomhphost chuig gach ball den phobal. Chuir breis is 50% de na baill phobail eolas maidir lena n-ídiú breosla i gcomhair 2022 ar fáil.

Le haghaidh gach ríomh bunlíne fuinnimh agus & Toradh ar Infheistíocht (TAI), tá luachanna bunaithe ar Chomparáid ÚFIÉ ar Chostais Fuinnimh – Ráithe 1 2024. (ÚFIÉ, 2034)

Fágadh foinse fuinnimh shuntasach atá á hídiú ag an bpobal ar lár ón mBunlíne Fuinnimh, an peitreal agus an díosal atá in úsáid ag carranna príobháideacha. Is aitheantas é sin ar an obair a rinneadh mar chuid de Mháistirphlean Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Chorca Dhuibhne (MaREI, 2018) roimhe seo ina ndírítear ar an iompar carranna príobháideacha don leithinis ar fad. Ní bheadh in aon anailís ar an earnáil seo ach athdhéanamh na hoibre sin, agus ní bheadh ach méid sampla i bhfad níos lú in úsáid.

As measc na mball pobail a bhfuil an ceistneoir líonta acu, roghnaíodh 16 bhall chun monatóireacht fuinnimh a shuiteáil sa ghnó do thréimhse an tionscadail agus chun iniúchadh fuinnimh a dhéanamh. Tugadh cuireadh do gach ball chun ceistneoir eile fós a líonadh agus bhí ráta freagartha an tsuirbhé sin cothrom le 56%.

Cruthaíodh samhail de na sonraí a bailíodh trí na hiarrachtaí thuasluaite a úsáid chun léargas a thabhairt ar na figiúirí iomlána don earnáil (an 337 gnó).

Déantar cur síos sna rannóga seo a leanas ar mhiondealú na hearnála ar fud na leithinse:



Óstán

Is gné lárnach den gheilleagar áitiúil agus den tionscal turasóireachta áitiúil í earnáil na n-óstán ar leithinis Chorca Dhuibhne. Tá 4 óstán sa cheantar, lena n-áirítear óstáin búiitíc agus óstáin mhóra ceithre réalta. Tairgeann na hóstáin seirbhísí agus taitneamhachtaí éagsúla, cosúil le bialanna, beáir, spánna, ionaid fóillíochta, seomraí comhdhála agus gníomhaíochtaí amuigh faoi aer. Freastalaíonn na hóstáin ar réimsí éagsúla den mhargadh, cosúil le teaghlaigh, lánúin, grúpaí agus taistealaithe gnó. Fostaíonn earnáil na n-óstán na céadta daoine ar Leithinis Chorca Dhuibhne, go díreach agus go hindíreach, agus cuireann sí le saol sóisialta agus cultúrtha an phobail. Chomh maith leis sin, tá roinnt dúshlán le sárú ag earnáil na n-óstán cosúil le séasúracht, iomaíochas, leibhéal foirne agus earcaíocht, costais fuinnimh agus tionchar comhshaoil. Tá úinéirí na n-óstán i gcónaí sa tóir ar bhealaí chun éifeachtúlacht, caighdeán agus inbhuanaitheacht a fheabhsú, agus chun níos mó cuairteoirí a mhealladh chun Leithinis Chorca Dhuibhne i rith na bliana.



Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín

Gné thábhachtach eile den tionscadal cóiríochta agus turasóireachta áitiúil í earnáil na dtithe lóistín ar leithinis Chorca Dhuibhne. Tá breis is 70 teach Leaba&Bricfeasta agus Teach Lóistín sa cheantar, a thairgeann eispéireas an-phearsantaithe agus saincheaptha. Go hiondúil, is gnóthaí teaghlaigh atá iontu a thairgeann

seomraí compordacha, seirbhís bhricfeasta agus go minic bíonn toglann nó gairdín mór ar fáil inar féidir le haíonna a scíth a ligean agus tamall a chaitheamh i gcomhlúadar daoine eile. De ghnáth bíonn Tithe Leaba&Bricfeasta agus Tithe Lóistín suite in áiteanna áille ar an leithinis, in aice leis an trá, na sléibhte nó lár an bhaile. Bíonn spéis ag cuairteoirí atá ag lorg saoire níos barántúla agus níos inacmhainne ar Leithinis Chorca Dhuibhne i dTithe Leaba&Bricfeasta agus i dTithe Lóistín, daoine atá ag iarraidh tacú leis an ngeilleagar agus leis an gcultúr áitiúil.



Bialanna

Tá cáil ar an éagsúlacht bia atá le fáil i Leithinis Chorca Dhuibhne. Tugann earnáil na mbialann ar an leithinis léargas ar thionchair shaibhre agus éagsúla cuisine áitiúil agus idirmáisiúnta, agus úsáidtear comhábhair agus bia mara úr agus orgánach séasúrach. Ar Leithinis Chorca Dhuibhne tá raon leathan roghanna ar fáil atá oiriúnach do bhlasanna, do bhuiséid agus d'ócáidí difriúla. Tá thart ar 20 bialann sa cheantar, agus tá go leor acu lonnaithe i mbaile Dhaingean Uí Chúis. Ainneoin go bhfuil rogha chuimsitheach bia le fáil in go leor tithe tábhairne, glactar leis na baill phobail mar 'Tithe Tábhairne' agus níl ionadaíocht á déanamh orthu faoin gcatagóir seo.

Treochtaí agus Nuálaíochtaí

Tá earnáil na mbialann ar Leithinis Chorca Dhuibhne i gcónaí ag forbairt agus ag dul in oiriúint do shainroghanna agus d'ionchais athraitheacha custaiméirí, mar aon le dúshláin agus le deiseanna an mhargaidh. Seo thíos cuid de na treochtaí agus de na nuálaíochtaí atá tugtha faoi deara ag an earnáil:

Áitiúil agus séasúrach: Leagann go leor bialann béim ar úsáid a bhaint as comhábhair áitiúla agus shéasúracha, a fhaightear ó fheirmeacha, margaí agus iascairí áitiúla. Ní hamháin go gcinntíonn sé sin go bhfuil an bia úr agus ar ardchaighdeán, ach tacaíonn sé leis an ngeilleagar áitiúil agus leis an timpeallacht. Chomh maith leis sin, fásann bialanna a gcuid luibheanna agus glasraí féin, nó tá a mbeostoc féin acu, cosúil le héisc agus le mairteoil.

Orgánach agus inbhuanaithe: Baineann go leor bialann tairbhe as cleachtais orgánacha agus inbhuanaithe, cosúil le lotnaidicídí, hormóin agus antaibheathaigh a sheachaint, dramhbhia a laghdú agus pacáistíocht a athchúrsáil.

Cuisine clasaiceach, comhaimseartha agus cruthaitheach: Baineann go leor bialann triail as cumasc agus as cruthaitheacht, as cuisine, blasanna agus teicnící difriúla a mheascadh lena chéile, chun miasa nua agus spéisiúla a chruthú. Chomh maith leis sin, tairgeann bialanna áirithe roghchláir bhlaiste nó béile speisialta an chef, chun léargas a thabhairt ar a scileanna agus nuálaíocht cócaireachta.

Bia do veigeatóirí agus do veigeáin: Tá go leor bialann ag freastal ar an éileamh méadaithe atá ar roghanna do veigeatóirí agus do veigeáin, agus tá siad ag tairiscint mias nach bhfuil aon fheoil, aon táirgí déiríochta agus uibheacha iontu, nó miasa ar féidir iad a oiriúnú go héasca do riachtanais chothaithe na gcustaiméirí. Chomh maith leis sin, tá roghanna gan ghlútan, gan táirgí déiríochta nó gan cnónna á dtairiscint ag roinnt bialann chun freastal ar ailléirgí agus ar éadulaingt eile.



Tithe Tábhairne

Tá cáil ar na tithe tábhairne fáilteacha agus bríomhara i Leithinis Chorca Dhuibhne, agus tá thart ar 50 teach tábhairne ar fad ar an leithinis. Tá earnáil na dtithe tábhairne ar an leithinis éagsúil agus bríomhar, agus tá

raon roghanna á dtairiscint do phobal na háite agus do chuariteoirí araon. Tá tithe tábhairne áirithe traidisiúnta agus deas teolaí, tá beoracha, fuisce agus ceirtlisí áitiúla le fáil iontu, agus bíonn ceol beo le cloisteáil mar aon le scéalaíocht nó damhsa Gaelach. Tá tithe tábhairne eile níos nua-aimseartha agus níos faiseanta, agus bíonn manglam speisialta le fáil iontu mar aon le bia gourmet agus bíonn DJanna le cloisteáil i mbun ceoil.



Caifes

Tá thart ar 28 caifé gleoite agus deas teolaí le fáil sa cheantar, áiteanna ar féidir le pobal na háite agus le cuairteoirí taitneamh a bhaint as cupán caife, tae nó seacláid the, mar aon le meascán de chisté, cácaí agus ceapairí blasta. Tá roinnt caiféanna i bhfoirgnimh stairiúla, áit ar féidir súil a chaitheamh ar stair agus ar oidhreacht an bhaile, agus tá caiféanna eile fós comhaimseartha agus stíliúil, agus tá ealaín agus dearadh áitiúil á dtaispeáint iontu. Soláthraíonn earnáil na gcaiféanna ar Leithinis Chorca Dhuibhne atmaisféar deas agus cairdiúil, áiteanna ar féidir le daoine a scíth a ligean, tamall a chaitheamh i gcomhlúadar daoine eile, píosa oibre a dhéanamh, tamall a chaitheamh ag léamh, agus taitneamh a bhaint as cuid de na táirgí agus de na sainbhianna áitiúla is fear.



Eispéireas Cuartaíochta/ Soláthraí Gníomhaíochta

Más spéis leat eachtraí agus píosa spraoi, gheobhaidh tú neart roghanna ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá thart ar 39 eispéireas cuartaíochta/soláthraí gníomhaíochta sa cheantar a thairgeann raon gníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus istigh faoi dhíon do dhaoine de gach aois agus de gach cumas, cosúil le surfáil, cadhcáil, fánaíocht, rothaíocht, galf, marcaíocht ar chapall, iascaireacht, potaireacht, ióga agus neart eile. Is féidir leat páirt a ghlacadh i dturas treoraithe, trealamh a fháil ar cíos nó ceacht a chur in áirithe le teagascóirí cáilithe a chinnteoidh go mbeidh tú sábháilte agus go mbainfidh tú taitneamh as na gníomhaíochtaí. Is cuma más spéis leat taitneamh a bhaint as an gcósta álainn, na sléibhte maorga nó na sráidbhailte gleoite, tá gníomhaíocht ann a oireann do gach sainrogha agus do gach buiséad.

Ní hamháin gur áit álainn agus lán eachtraí í Leithinis Chorca Dhuibhne, is áit lán le cultúr agus le stair í freisin. Is féidir le cuairteoirí iad féin a thumadh in oidhreacht agus i dtraidisiúin shaibhre an réigiúin trí chuairt a thabhairt ar go leor de na nithe is díol spéise agus sainchomharthaí tíre a thugann léargas ar stair spéisiúil na háite agus ar an áit mar atá i láthair na huairé freisin.



Iostas féinfhrestail

Ceann de na bealaí is mó tóir agus is inacmhainne chun fanacht ar leithinis Chorca Dhuibhne é iostas féinfhrestail a chur in áirithe. Tá breis is 140 áitreabh féinfhrestail sa cheantar, áiteanna cónaithe príobháideacha den chuid is mó a thairgeann áit chónaithe chomordach agus áisiúil do chuariteoirí, agus tá an earnáil seo i ndiaidh fás le 5 bliana anuas mar gheall ar Airbnb den chuid is mó.



Ionaid Campála & Páirceanna Carbhán

Tá 6 ionad campála/Páirc Charbhán ar an leithinis. Bíonn siad seo in úsáid ar bhonn séasúrach agus tá riachtanais fuinnimh réasúnta íseal acu i gcomparáid le gnóthaí eile sa phobal. Sa mháistirphlean baintear tairbhe as sonraí bunaithe ar ráta déanta suirbhé de 50%.


Bunlíne Fuinnimh

Meastar go bhfuil Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh (ÉIF) an phobail in 2022 cothrom le 29,913 MWh, €5,924,972 agus 8,170 tona de CO₂. Tá an miondealú le fáil thíos.

Tá 8,170 tona de CO₂e cothrom le méid ollmhór de ghás ceaptha teasa agus bheadh sé riachtanach 408,500 crann (2,000 acra) a chur chun é a sheach-chur.


1. Is leor 29,913 MWh d'fhuinneamh chun an méid seo a leanas a thiomáint:
2. Feithicil Leictreach 149,500,000 km (turas aontreo chomh fada leis an nGrian)
3. 57,500 Feithicil Leictreach ag tiomáin 2500km de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin.
4. Carr Díosail ag tiomáint 92,327,778 km in aon bhliain amháin.
5. 35,510 Carr Díosail ag tiomáint 2500km de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin.

Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh [kWh]




Fíor 4: Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh [kWh].

Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh [Cost, €]



Fíor 5: Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh (€)

Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh [TCO_{2e}]



Fíor 6: Éileamh Iomlán ar Fhuinneamh (TCO_{2e})

Breosla Iompair

Is é breosla iompair an tomhaltóir fuinnimh is mó, a chuireann 8,812 MWh ar fáil atá cothrom le 29% de ÉIF an phobail. Ba é díosal an cineál breosla ba choitianta, agus is fiú a lua nach bhfuil bille breosla iompair ach ag 43% de ghnóthaí PFI a bhaineann lena ngnó ach fós is ionann é sin agus an príomhfhoinsé fuinnimh ídithe.

Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird ar an mbealach suntasach a gcuireann iompar le ÉIF na leithinse in MPF PFI Leithinis Chorca Dhuibhne 2018 freisin (MaREI, 2018). Moladh amháin a rinneadh sa tuarascáil seo ba ea gur cheart scrúdú a dhéanamh ar dhíleáiteoir anaeróbach a fhorbairt. Ó shin i leith, tá staidéar féidearthachta déanta (XD Sustainable Energy Consulting Ltd, 2020).

Leictreachas

Is é leictreachas an príomhchostas atá ag an bpobal, costas a bhí cothrom le €2,132,136 sa bhliain, agus trí bheith ag obair le gnóthaí tríd an bpróiseas iniúchta fuinnimh tugadh faoi deara go raibh go leor gnóthaí ag úsáid an tsoláthraí leictreachais chéanna le roinnt blianta anuas agus nach raibh siad ag baint tairbhe as an taraif is iomaíche ar an margadh.

Ceirísín

Is é ceirisín an breosla teirmeach is mó agus meastar go bhfuil an t-éileamh ar fhuinneamh atá luaite leis cothrom le 6,282 MWh. Úsáidtear é chun téamh oíche agus téamh uisce a sholáthar, do ghnóthaí beaga den chuid is mó ó tharla go bhfuil LPG in úsáid ag formhór na n-óstán agus na dtithe aíochta is mó.

LPG

Tá ídiú fuinnimh LPG an-ghar do Cheirisín ag 6,828 MWh, agus bhí an ráta aonaid beagán níos airde

Earnáil Turasóireachta & Fáilteachais Chorca Dhuibhne

Bailíodh na sonraí maidir le hídiú fuinnimh ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear léamha méadair, billí custaiméirí, ceistneoirí agus ardáin mhonatóireachta ar líne. Rinne foireann an tionscadail iniúchtaí fuinnimh do na gnóthaí roghnaithe in Earnáil Turasóireachta & Fáilteachais Chorca Dhuibhne, trí úsáid a bhaint as modheolaíocht agus as uirlisí caighdeánaithe a úsáidtear chun cur leis an tacar sonraí tuilleadh agus chun deiseanna coitianta do na baill a bhailíochtú. I rith na n-iniúchtaí rinneadh measúnú ar an bhfeidhmíocht fuinnimh reatha (bunaithe ar bhilí 2022), sainithníodh deiseanna coigiltis féideartha agus measadh na costais agus na buntáistí a bhaineann le bearta éifeachtúlachta fuinnimh fad is a bhí aird á tarraingt ar laghdúithe carbóin féideartha i ndiaidh cur chun feidhme. Chomh maith leis sin, mar chuid den tionscadal rinneadh monatóireacht ar ídiú agus ar choigiltas fuinnimh roinnt de na gnóthaí rannpháirteacha, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an tionscadail agus chun aiseolas a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara.


Tarraingeofar aird sna rannóga seo a leanas ar gach cineál baill agus scrúdófar a n-úsáid fuinnimh bunaithe ar an mbreosla atá in úsáid, miondealú ar fhuinneamh teirmeach agus úsáid leictreachais deiridh. Úsáidtear é seo chun na hathruithe is mó tionchair a shainithint is féidir a chur i bhfeidhm nuair a bheidh deiseanna á dtuiscint níos déanaí sa MPF.

Is ionann ídiú leictreachais, nach bhfuil fuinneamh teirmeach san áireamh ann, agus 27% d'ídiú fuinnimh iomlán óstán. Tá soilsiú cothrom le 12% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 9%. Tugann sé sin le fios go bhféadfaí éifeachtúlacht soilsithe agus rialtáin soilsithe a fheabhsú, cosúil le bolgáin LED a úsáid agus braiteoirí áitíochta a shuiteáil. Tá fearais cothrom le 10% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos ísle ná an meán náisiúnta atá cothrom le 13%. Is fianaise é sin go bhfuil fearais atá tíosach ar fhuinneamh in úsáid in óstáin agus go bhfuil cailteanais fuireachais á laghdú. Tá aeráil agus fuarú cothrom le 5% den ídiú fuinnimh iomlán, atá cosúil leis an meán náisiúnta atá cothrom le 4%. Is fianaise é sin ar an aeráid mheasartha agus ar an éileamh íseal atá ar aerchóiriú sa réigiún.



Óstáin


Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Óstáin



Fíor 7: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Óstáin

Is iad óstáin na tomhaltóirí fuinnimh is mó san earnáil. Úsáideann óstáin leictreachas (32%) agus LPG (68%) den chuid is mó chun freastal ar a riachtanais fuinnimh. Úsáidtear leictreachas do shoilse, fearais, aeráil, fuarú agus téamh uisce i gcásanna áirithe, agus úsáidtear LPG do théamh oíche, téamh uisce agus cócaireacht.


Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Óstáin



Fíor 8: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Óstáin

Is ionann fuinneamh teirmeach, a gcuimsítear ann téamh oíche agus téamh uisce, agus 73% d'ídiú fuinnimh iomlán óstán. Is ionann téamh oíche amháin agus 40% den ídiú fuinnimh iomlán, fianaise ar éileamh ard ar théamh agus ar fhéidearthacht chun rialtáin inslithe agus téimh a fheabhsú. Is ionann téamh uisce agus 40% den ídiú fuinnimh iomlán, atá comhsheasmhach le ráta áitíochta ard agus seomraí folctha en-suite a bheith á gcur ar fáil i bhformhór na n-óstán. Bhí an meánleibhéal ídithe uisce don seomra óstáin cothrom le 241 lítear don oíche leapa, atá níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 180 lítear. Ainneoin nach bhfuil sé iomlán soiléir céard is cúis leis an treocht níos airde, tá an cineál gníomhaíochtaí agus nithe is díol spéise sa Phobal mar bhonn le gá a bheith le níos mó cithfholcthaí i ndiaidh cuairteanna a thabhairt ar an trá etc. rud nach mbeadh ag tarlú i gceann scríbe sa chathair.

Miondealú ar Mheánfhuinneamh Óstáin




Fíor 9: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Óstáin

Is ionann ídiú leictreachais, nach bhfuil fuinneamh teirmeach san áireamh ann, agus 27% d'ídiú fuinnimh iomlán óstán. Tá soilsíú cothrom le 12% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 9%. Tugann sé sin le fios go bhféadfaí éifeachtúlacht soilsithe agus rialtáin soilsithe a fheabhsú, cosúil le bolgáin LED a úsáid agus braiteoirí áitíochta a shuiteáil. Tá fearais cothrom le 10% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos ísle ná an meán náisiúnta atá cothrom le 13%. Is fianaise é sin go bhfuil fearais atá tíosach ar fhuinneamh in úsáid in óstáin agus go bhfuil cailleanais fuireachais á laghdú. Tá aeráil agus fuarú cothrom le 5% den ídiú fuinnimh iomlán, atá cosúil leis an meán náisiúnta atá cothrom le 4%. Is fianaise é sin ar an aeráid mheasartha agus ar an éileamh íseal atá ar aerchóiriú sa réigiún. Tá rochtain ar agus úsáid as luchtú Feithiclí Leictreacha sách íseal faoi láthair agus táthar ag súil go méadóidh sé seo go suntasach sna blianta amach romhainn.



Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín


**Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla
Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín**



Fíor 10: Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín

Tá úsáid níos éagsúla á baint as breoslaí laistigh den earnáil seo i gcomparáid le hearnáil na n-óstán. Is é ola an príomhbheosla a úsáidtear do théamh (Ceirisín i bhformhór na gcásanna). Is fianaise é an méid Ceirisín a úsáidtear i ndáil le leictreachas go bhfuil deis ann tairbhe a bhaint as córas téimh níos éifeachtúla cosúil le córais chomhdhlúthúcháin chun éifeachtúlachtaí a mhéadú agus chun costais agus astaíochtaí a laghdú.

**Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach
Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín**




Fíor 11: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Tithe Leaba&Bricfeasta/Tithe Lóistín

Is ionann fuinneamh teirmeach, a áirítear ann téamh oíche agus téamh uisce, agus 66% d'ídiú fuinnimh iomlán Tithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín. Tá téamh oíche amháin freagrach as 34% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos ísle ná sciar na n-óstán atá cothrom le 40%. B'fhéidir gurb amhlaidh atá mar gheall ar mhéid níos lú agus ráta áitíochta Tithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín, mar aon le foinsí téimh malartacha a bheith in úsáid cosúil le tinteáin nó soirn. Tá téamh uisce freagrach as 32% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos ísle ná sciar na n-óstán atá cothrom le 40%, ach atá fós ard i gcomparáid leis an meán náisiúnta atá cothrom le 25%. B'fhéidir gurb é an chúis atá leis seo go bhfuil seomraí folctha en-suite agus cithfholcadáin le fáil i bhformhór na dTithe Leaba&Bricfeasta, agus go bhfuil tobáin the nó sabhnaí le fáil i gcuid acu freisin. Tá an meánleibhéal ídithe uisce don seomra cothrom le 215 lítear don oíche leapa, atá níos ísle ná meán na n-óstán atá cothrom le 241 lítear, ach tá sé fós níos airde ná an meán náisiúnta de 180 lítear agus ailínithe leis an treocht thuas a bhaineann le téamh uisce. Cosúil le hÓstáin, níl an méid is cúis leis an treocht níos airde

iomlán soiléir. Tá an cineál gníomhaíochtaí agus nithe is díol spéise sa Phobal mar bhonn le gá a bheith le níos mó cithfholcthaí i ndiaidh cuairteanna a thabhairt ar an trá etc. rud nach mbeadh ag tarlú i gceann scríbe sa chathair.

Miondealú ar Mheánfhuinneamh Tithe Leaba&Bricfeasta / Tithe Lóistín




Fíor 12: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Tithe Leaba&Bricfeasta / Tithe Lóistín

Is ionann ídiú leictreachais, nach bhfuil fuinneamh teirmeach san áireamh ann, agus 24% d'ídiú fuinnimh iomlán Tithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín. Tá soisiú cothrom le 22% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos airde ná sciar na n-óstán atá cothrom le 12% agus an meán náisiúnta atá cothrom le 9%. B'fhéidir gurb amhlaidh atá mar gheall ar na huairteanta oibre níos faide agus an ganntanas rialtán soilsithe i roinnt Tithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín. Tá Fearais Ilghnéitheacha (FIG) freagrach as 14% den ídiú fuinnimh iomlán, atá níos airde ná sciar na n-óstán atá cothrom le 10% agus ag teacht leis an meán náisiúnta atá cothrom le 13%. B'fhéidir gurb amhlaidh atá mar gheall ar an éagsúlacht agus ar líon na bhfearas atá in úsáid ag na haíonna agus ag na húnéirí, cosúil le teilifíseáin, citil, triomadóirí gruaige, cuisneoirí, micreathonnáin, etc.



Bialanna


Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla Bialainne



Fíor 13: Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla Bialainne

Is é breosla iompair, atá cothrom le 10% den ídiú fuinnimh iomlán, an t-aon fhoinse breosla nach bhfuil in úsáid ag na cineálacha cóiríochta eile. Is amhlaidh atá go príomha mar gheall ar an ngá atá le táirgí a fháil ó shuíomhanna agus ó sholáthraithe difriúla. Arís eile, tá úsáid éagsúil á baint as breoslaí laistigh den earnáil seo i gcomparáid le hearnáil na n-óstán. Is é LPG an príomhbheosla a úsáidtear do chócaireacht. Ní bhaintear mórán úsáide as cócaireacht leictirithe.


Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Bialainne



Fíor 14: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Bialainne

Is le téamh oíche a luaitear an t-éileamh is mó ar théamh teirmeach agus tá an t-éileamh ar uisce te sách íseal i gcomparáid leis na hearnálacha cóiríochta. Is díol suntais é sin nuair a bhíonn súil á caitheamh ar dheiseanna cosúil le haisghabháil teasa.

Meán-bhialann Miondealú ar Leictreachas



Fíor 15: Meán-bhialann Miondealú ar Leictreachas


Is ionann ídiú leictreachais, nach bhfuil fuinneamh teirmeach san áireamh ann, agus 18% d'ídiú fuinnimh iomlán bialann. Tá cócaireacht freagrach as 41% den ídiú seo, céatadán atá níos airde ná sciar na dTithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín atá cothrom le 17% agus sciar na n-óstán atá cothrom le 27%. Bheifí ag súil leis sin de bhrí go n-úsáideann bialanna cineálacha éagsúla trealamh chócaireachta, cosúil le hoighinn, gríoscaín, friochtóirí, micreathonnáin agus nach gá go mbainfidís tairbhe as na barainneachtaí scála a mbaineann óstáin tairbhe astu. Is le soilsiú a bhaineann 9% den ídiú fuinnimh leictreachais iomlán, atá níos ísle ná céatadán na dTithe Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín agus tá sé cothrom leis an meán náisiúnta. D'fhéadfadh gurb amhlaidh atá mar gheall ar chórais soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh a bheith in úsáid nó solas nádúrtha i mbialanna áirithe. Tá fearais freagrach as 7% den ídiú fuinnimh iomlán. B'fhéidir gurb amhlaidh atá mar gheall ar an

gcineál agus ar líon na bhfearas atá in úsáid ag an bhfoireann agus ag na custaiméirí, cosúil le miasniteoirí, cuisneoirí, reoiteoirí, scipéad airgid, etc. Tá aeráil agus fuarú freagrach as 22% den fhuinneamh leictreachais. D'fhéadfadh gurb amhlaidh atá mar gheall ar úsáid a bheith á baint as aeráil nádúrtha agus mar gheall ar an mbarrachas teasa atá á astú ó phróisis chócaireachta i mbialanna áirithe.



Tithe Tábhairne


Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Tithe Tábhairne



Fíor 16: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Tithe Tábhairne

Cosúil le bialanna, tá tacar éagsúil breoslaí in úsáid agus tá fianaise ann gurb é ceann de ghnéithe uathúla díolacháin tithe tábhairne i gceantar Chorca Dhuibhne breosla soladach agus an tine oscailte. Tá úsáid fuinnimh i bhfad níos ísle i dteach tábhairne i gcomparáid le hearnáil na mbialann rud a chiallaíonn go bhfuil an breosla iompair níos suntasaí i gcomhthéacs an mheascáin fuinnimh.


Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Tithe Tábhairne



Fíor 17: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Tithe Tábhairne

Baineann formhór an teasa theirmigh i dteach tábhairne le téamh oíche. Is díol suntas é sin nuair a bhítear ag díriú ar dheiseanna de bhrí go gcuireann creatlach an fhoirgnimh agus an t-easpa riachtanais maidir le huisce srian ar an aisíoc beart a thairgeann buntáistí airgeadais maithe do na hearnálacha cóiríochta agus bialann

Miondealú ar Mheánleictreachas Tithe Tábhairne




Fíor 18: Miondealú ar Mheánleictreachas Tithe Tábhairne

D'fhéadfadh éagsúlacht shuntasach a bheith le tabhairt faoi deara sa mhiondealú seo ag brath ar an teach tábhairne agus d'fhéadfadh éagsúlacht shéasúrach a bheith le tabhairt faoi deara freisin go háirithe sna háiteanna sin ina gcuirtear bia ar fáil do chuid den bhliain. Ceann de na hualaí is mó ar an teach tábhairne é an ceanglas chun deochanna a fhuarú, ceanglas atá ann i rith na bliana agus atá freagrach as céatadán mór den úsáid fuinnimh laistigh den áitreabh.



Caifes


Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla Caifé



Fíor 19: Miondealú ar Mheánfhoinse Breosla Caifé

Ag leanúint ar aghaidh leis an treocht a bhaineann le tithe tábhairne, níl an fuinneamh a úsáideann caiféanna chomh suntasach céanna i gcomparáid le bialanna ná breosla iompair atá réasúnta comhsheasmhach le teach tábhairne nó le bialann. Mar gheall ar an gcineál gnó a dhéantar i gcaifé, bíonn go leor athruithe aeir san áitreabh de bhrí go mbíonn doirse á bhfágáil oscailte agus go bhfuil an t-éileamh ar theas níos airde. Tá fianaise air sin le fáil sa mhéid ola atá in úsáid i gcomparáid le leictreachas.


Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Caifé



Fíor 20: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Caifé

Baineann 65% den teas teirmeach le téamh oíche. Baineann méid suntasach (35%) le huisce te. Is díol suntasach é sin nuair a bhíonn súil á caitheamh ar dheiseanna. D'fhéadfadh athruithe suntasacha a bheith le tabhairt faoi deara bunaithe ar an gcaifé ach i bhformhór na gcásanna méadaíonn an sciar d'uisce te rud is cúis le deiseanna a chruthú a dtarraingítear aird orthu níos faide anonn sa doiciméad.

Miondealú ar Mheánleictreachas Caifé




Fíor 21: Miondealú ar Mheánleictreachas Caifé

D'fhéadfadh an miondealú seo a bheith an-éagsúil ag brath ar an gcaifé agus d'fhéadfadh athruithe séasúracha a bheith le tabhairt faoi deara freisin go háirithe i suíomhanna áirithe ina mbíonn bia ar fáil do chuid den bhliain. Ceann de na tomhaltóirí is mó d'fhuinneamh é deochanna te atá freagrach as formhór an 30% den éileamh cúcaireachta.



Ionaid Champála & Páirceanna Carbhán


Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Ionaid Champála



Fíor 22: Miondealú ar Mheánfhoinsé Breosla Ionaid Champála

Tá ionaid champála & páirceanna carbhán uathúil i gcomparáid le gnóthaí eile sa phobal de bhrí go mbaineann an t-ídiú leictreachais le fearais a thugann custaiméirí leo ina dtithe soghluaiste agus ina gcarbháin, agus ciallaíonn sé sin freisin gur féidir leis an ngnó a ídiú leictreachais a fhomhéadrú agus a táille a ghearradh nuair a sheiceálann siad amach.


Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Ionaid Champála



Fíor 23: Miondealú ar Mheánfhuinneamh Teirmeach Ionaid Champála

Is le huisce te a bhaineann úsáid fuinnimh theirmigh in ionaid champála agus i bpáirceanna carbhán; soláthraítear uisce te i limistéir ina bhfuil cothfholcadáin chomhroinnte agus ní theastaíonn ach méid beag téimh oíche san fhoirgneamh i rith na bliana.

Meánionad Campála Miondealú ar Leictreachas



Fíor 24: Meánionad Campála Miondealú ar Leictreachas.

Seachas soláthar leictreachais do chónaitheoirí, is iad meaisíní níocháin an chéad úsáideoir is mó eile de leictreachas. Tá ídiú soilsithe laghdaithe go mór le blianta beaga anuas de bhrí go bhfuil soilse LED suiteáilte in go leor áiteanna anois.



Soláthraí Gníomhaíochtaí/Ní is Díol Spéise do Chuirteoirí

Ceann de na dúshláin a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éileamh fuinnimh na soláthraithe gníomhaíochtaí agus na nithe is díol spéise do chuirteoirí sa phobal é an éagsúlacht agus an athraitheacht a bhaineann lena bpróifílí fuinnimh. Ní úsáideann soláthraithe agus nithe is díol spéise áirithe ach cineál breosla amháin, agus úsáideann cuid eile fós meascán de bhreoslaí difriúla, cosúil le leictreachas, gás, ola, adhmaid nó inathnuaiteáin eile. Tá éileamh fuinnimh an-ard ag cuid acu i rith na bliana, agus bíonn cuid eile fós ag déileáil le buaiceanna agus le leibhéil ísle shéasúracha. Chun an t-éileamh comhchoiteann ar fhuinneamh don earráil seo a thaifeadadh, chomhbhailíomar na sonraí maidir leis na cineálacha breosla a úsáideann gach soláthraí nó ní is díol spéise agus ríomhtar a gcéatadán den éileamh iomlán ar fhuinneamh. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le torthaí na hanailíse seo.

Tá miondealú le fáil san fhíor thíos ar na cineálacha breoslaí a d'úsáid an soláthraí gníomhaíochtaí agus na nithe is díol spéise do chuirteoirí sa phobal.

Tábla 1: Cineálacha breoslaí a d'úsáid an soláthraí gníomhaíochtaí agus na nithe is díol spéise.

An cineál breosla	Céatadán an éilimh iomlán ar fhuinneamh
Leictreachas	51%
Gás	0%
Ola	8%
Breosla Soladach	2%
Breosla Iompair (Díosal)	35%
Athnuaiteáin eile	5%

Ceadaíonn aschur na rannóige seo deiseanna a scrúdú níos faide anonn sa doiciméad, a bhféadfadh cuid, ach ní na baill ar fad, tairbhe a bhaint astu, bunaithe ar éagsúlacht na ngníomhaíochtaí agus na nithe is díol spéise (Uisceadán, Cadhcáil, Turais Báid agus rudaí eile nach iad)

Clár Deiseanna

Is é an aidhm atá leis an gclár deiseanna meas a thabhairt do, achoimre a dhéanamh ar agus tús áite a thabhairt do thionscadail agus aird a tharraingt ar phríomh-mhéadracht ar gnéithe tábhachtacha a bheidh iontu d'aon iarratas ar dheontas a dhéanfar amach anseo nó d'aon phróiseas cinnteoireachta don phobal. Ceadáíonn sé cur chuige comhordaithe agus smachtaithe maidir le gníomh don phobal trí úsáid a bhaint as acmhainní comhordaithe, pleanáil agus buiséadú do thionscadail mar chuid de phlean ilbhliantúil.

I ndiaidh athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar aschur iniúchtaí agus monatóireachta, d'fhéadfaí deiseanna coiteanna a léiriú ar fud na gcatagóirí den phobal ba cheart a bhreithniú do chur chun feidhme luathaithe. Seo a leanas bearta agus deiseanna a bhaineann le gach catagóir:

1. Taraif Fuinnimh
2. Grianphainéil Fhótavoltacha
3. Uasghráduithe Creatlaí
4. Soilse LED
5. Uasghráduithe Creatlaí
6. Aisghabháil Teasa
7. Uasghráduithe Téimh Oíche
8. Uasghráduithe Téimh uisce
9. Leictriú an fhlíit
10. Breosla iompair a ionadú le bithbhreoslaí

Bunaithe ar an TAI soiléir, tionchar agus inghlacthacht don chéad 2 bheart, rinneadh cinneadh láithreach chun leanúint ar aghaidh leo seo de réir an chleachtaidh mháistirphleanála. Pléitear na deiseanna agus na hiarrachtaí sonracha seo sna rannóga ábhartha thíos.

Taraifi Fuinnimh

Le haghaidh gach ríomh bunlíne fuinnimh agus & toradh ar infheistíocht (TAI), tá luachanna bunaithe ar Chomparáid ÚFIÉ ar Chostais Fuinnimh – Ráithe 1 2024. (ÚFIÉ, 2024)

Fuel	Form	Unit of Supply	Average Price per Unit (€) ¹	Gross Calorific Value (kWh/unit)	Delivered Energy Cost cent/kWh	Percentage change since 1 October, 2023	Percentage change since 1 January, 2023
Coal ²	Industrial Fines	Tonne	n/a	7759.2	n/a	-	-
Oil ³	Gas Oil 10ppm	Litre	1.207	10.55	11.45	-14.2%	-8.2%
	Light Fuel Oil	Litre	n/a	11.21	n/a	-	-
	Medium Fuel Oil	Litre	n/a	11.32	n/a	-	-
	Heavy Fuel Oil	Litre	n/a	11.45	n/a	-	-
L.P.G.	Commercial Cylinders	kg	2.294	13.96	16.43	+0.1%	-10.9%
	Bulk L.P.G. (0-3 tonnes) ⁴	Litre	1.005	7.09	14.17	-	+3.3%
	Bulk L.P.G. (3.1-40 tonnes)	Litre	0.856	7.09	12.07	-	+0.7%
Wood ⁵	Fuel Chips (35% moisture)	kg wet	0.162	3.2	5.06	-	-0.6%
	Pellets bulk delivery ⁶	kg	0.494	4.8	10.29	-	-10.8%
	Pellets bagged	kg	0.572	4.8	11.91	+2.0%	+1.1%

Fuel	Form	Unit of Supply	Average Price per Unit (€) ¹	Gross Calorific Value (kWh/unit)	Delivered Energy Cost cent/kWh	Percentage change since 1 October, 2023	Percentage change since 1 January, 2023
Natural Gas ⁷	Band I1: <278 MWh per annum	kWh	0.1411	1.0	14.11	-	+4.9%
	Band I2: >=278 <2,778 MWh per annum	kWh	0.1053	1.0	10.53	-	-8.0%
	Band I3: >=2,778 <27,778 MWh per annum	kWh	0.0815	1.0	8.15	-	-6.8%
	Band I4: >=27,778 <277,778 MWh per annum	kWh	0.0665	1.0	6.65	-	-0.0%
	Band I5: >=277,778 <1,100,000 MWh per annum	kWh	0.0602	1.0	6.02	-	-37.0%
Electricity ⁸	Band IA: <20MWh per annum	kWh	0.4033	1.0	40.33	-	+0.7%
	Band IB: >=20 < 500 MWh per annum	kWh	0.3872	1.0	38.72	-	+10.9%
	Band IC: >=500 < 2000 MWh per annum	kWh	0.3070	1.0	30.70	-	-1.6%
	Band ID: >=2000 < 20,000 MWh per annum	kWh	0.2581	1.0	25.81	-	-3.3%
	Band IE: >=20,000 < 70,000 MWh per annum	kWh	0.2434	1.0	24.34	-	-1.7%
	Band IF: >=70,000 < 150,000 MWh per annum	kWh	0.2578	1.0	25.78	-	+9.0%
	Night rate ⁹	kWh	0.1613	1.0	16.13	-	-

Tábla 2: Chomparáid ÚFIÉ ar Chostais Fuinnimh – Ráithe 1 2024. (ÚFIÉ, 2024)

Soláthar Leictreachais

Struchtúr Taraiife

Tá taraiif ráta oíche níos cost-éifeachtúla d'aon duine a úsáideann ar laghad 30% dá leictreachas i rith amanna 'seachbhuaice'. I rith an gheimhridh is iad na hamanna atá i gceist idir 11pm agus 8am, agus i rith an tsamhraidh idir meán oíche agus 9am.

Pointe tábhachtach is ea go n-athróidh suiteáil grianphainéil fhótavoltaigh an céatadán den fhuinneamh ráta lae i gcomparáid leis an ráta oíche agus moltar meastóireacht a dhéanamh ar tharaifí ráta oíche i ndiaidh grianphainéil a shuiteáil.

Baile Vs Tráchtáil

Tá tairbhe á baint ag go leor de na gnóthaí beaga as taraifí baile, de bhrí go bhfuil cónaí ar an úinéir gnó sa réadmhaoin nó go raibh cónaí ar an úinéir gnó sa réadmhaoin tráth. Is díol spéise é sin de bhrí go mbíonn fuinneamh tráchtála níos saoire de ghnáth ná fuinneamh baile mar gheall ar ráta aonaid níos ísle ar an gcéad dul síos. Is amhlaidh atá de bhrí go n-úsáideann gnóthaí níos mó fuinnimh i mbliain amháin ná mar a úsáideann teaghlach. Chomh maith leis sin, de ghnáth bíonn conarthaí gnó níos faide, agus d'fhéadfaidís a bheith i bhfeidhm i gcomhair blianta fada. De bhrí go mbíonn siad níos sriantaí, bíonn níos mó foinn ar sholáthraithe rátaí níos saoire a thairiscint. Tá roinnt soláthraithe ann a thairgeann rátaí "tráchtála baile" más féidir leat a léiriú go raibh gnó tráchtála á reáchtáil ó do nasc baile. Cuireann sé sin rátaí tráchtála ar fáil sa chomhthéacs baile, ach is gnách go mbíonn pionós fuascailte teagmhála níos airde luaite leis.

Ráta Leictreachais

I rith an tionscadail, tháingamar trasna ar go leor gnóthaí nár athraigh a soláthraí leictreachais le 2 bhliain anuas. Chomh fada is a bhaineann leis an luach is fearr is féidir a fháil, moltar plean nua a chuardach gach 12 mhí, agus bealach amháin chun é sin a dhéanamh go tapa é bróicéir fuinnimh a earcú. Labhraíonn bróicéir fuinnimh le hionadaithe margaidh ar do shon chun an margadh is fearr agus is féidir a fháil duit.

Taraif Sholúbtha Vs Sheasta

Ráthaíonn taraif ráta sheasta praghas d'fhuinnimh do thréimhse shocraithe (12 mhí de ghnáth). Tá taraifí ráta sheasta deartha chun tú a chosaint ó arduithe ar phraghsanna fuinnimh. Má tá tairbhe á baint agat as taraif ráta sheasta, ní bheidh ort déileáil le harduithe praghais, agus fanfaidh do chostas in aghaidh an aonaid (kWh) mar an gcéanna. I rith na géarchéime fuinnimh, bhí formhór na dtaraifí ráta sheasta a bhí ar fáil do

chustaiméirí nua níos costasaí ná rátaí athraitheacha. D'fhéadfadh sé sin athrú de réir mar a leanann praghsanna ar aghaidh ag cobhsú.

	Buntáistí	Buntáistí
Sheasta	<ul style="list-style-type: none"> De bhrí go bhfanann costas d'fhuinnimh mar an gcéanna, beidh sé níos éasca buiséad a leagan amach. Ní bheidh tionchar ag méaduithe praghais sa mhargadh fuinnimh ar do chostas in aghaidh an aonaid. 	<ul style="list-style-type: none"> Más mian leat do chonradh a fhágáil go luath, d'fhéadfaí táille scoir a ghearradh ort, a d'fhéadfadh a bheith sách costasach. Má laghdaíonn an costas fuinnimh, ní bhainfidh tú tairbhe as billí níos saoire.
Taraif Sholúbtha	<ul style="list-style-type: none"> Solúbtha, níl aon táille luathscoir le híoc. Más laghdaíonn praghsanna fuinnimh, d'fhéadfá tairbhe a bhaint as billí níos saoire. 	<ul style="list-style-type: none"> Má ardaíonn praghsanna fuinnimh, ardóidh do bhilí fuinnimh freisin. D'fhéadfadh íocaíochtaí athrú, rud a chruthaíonn deacrachtaí buiséadaithe

Tábla 3: Taraif Sholúbtha Vs Sheasta.

Achoimre ar Tharaifí Fuinnimh

Bunaithe ar an tacar sonraí a bhailíomar measaimid go bhféadfadh an pobal 12% a shábháil ar an gcostas leictreachais má tá gach gnó ag baint tairbhe as an taraif is fearr atá ar fáil, agus go mbeadh sé mar bhonn le €255,856/bliain a bheith á choigilt ag an bpobal. Is é sin an bealach is éasca chun an choigilt fuinnimh shuntasach atá aibhsithe sa tuarascáil seo a bhaint amach agus níl aon ghá le hinfheistíocht roimh ré. Lena chois sin, aimsíodh i rith an tionscadail go raibh formhór na ngnóthaí níos mó ag baint tairbhe as taraif iomaíoch cheana féin agus go bhféadfadh na ngnóthaí níos lú an méid is mó tairbhe a bhaint as a leithéid; shábháil go leor de na ngnóthaí a d'aistrigh i rith an tionscadail idir 30-40%.

Soláthar LPG

Úsáideann an pobal Gás Peitrlíam Leachtaithe (LPG) in dhá fhoirm,



Bulcghás: Gás própáin in umair atá líonta ag tancaeir gháis.

Sorcóirí própáin:

Gás própáin i sorcóirí dearga iniompartha de mhéideanna difriúla, i sorcóirí 47kg dearga, arda de ghnáth, ina bhfuil thart ar 680 kWh d'fhuinneamh



Tá Bulcghás beagnach 30% níos saoire de réir an kWh ná sorcóirí própáin nó 'gás buidéalaithe'. Níl spás ag formhór na ngnóthaí i Leithinis Chorca Dhuibhne d'umar bulc-LPG agus níl an dara rogha acu ach gás buidéalaithe a úsáid.



Lena chois sin, tá an rogha ag custaiméirí a bhfuil umar bulcgháis acu BioLPG a cheannach. Tá cuma agus feidhmíocht BioLPG díreach cosúil le gnáthLPG. Úsáidtear é do na húsáidí agus don trealamh céanna agus iompraítear agus stóráiltear é sna humair chéanna. Níl ach difríocht thábhachtach amháin ann – an tslí a tháirgtear é. Tá BioLPG in-athnuaite agus is féidir é a dhéanamh ar bhealaí éagsúla trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí difriúla agus as próisis theirmeacha nó cheimiceacha. Mar shampla, go minic is comhtháirge é BioLPG de tháirge breosla eitlíochta inbhuanaithe nó táirge a chruthaítear trí phróisis ghásúcháin. I measc na mbunábhar a úsáidtear do BioLPG tá ola chócaireachta, saill ainmhíoch, dramhaíl, ábhar tirim plandaí, siúcra agus stáirse.

Uasghráduithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Soilse

Bhí éagsúlacht le tabhairt faoi deara san ídiú soilsithe ó ghnó go gnó agus bhí go leor acu i ndiaidh soilse nua LED a chur in áit na seanbholgán DSF, agus measadh gur bolgáin DSF atá in úsáid ag thart ar 40% den phobal. Sábhálfaidh an t-uasghrádú go dtí bolgáin LED idir 40-60% ar ídiú fuinnimh. Lena chois sin, níl úsáid á baint ag formhór na ngnóthaí as braiteoirí gluaisne i leithris nó i limistéir stórála i seomraí cúil. Ba cheart go sábhálfadh uasghrádú na soilse ar fad go dtí LED agus braiteoirí gluaisne a úsáid más féidir 292,035 kWh/bliain nó €87,610.47/bliain.

Fearais

I rith an tionscadail, tugadh faoi deara go raibh go leor den trealamh lónadóireachta a bhí in úsáid níos sine ná 20 bliain d'aois; ba cheart aon phíosa trealaimh ag a bhfuil uaireanta rite fada mar chuid d'oibriú gnó a ionadú le píosa trealaimh atá níos nua-aimseartha. Seo a leanas na samplaí is fearr a fuarthas i rith an tionscadail seo:

1. Miasniteoirí
2. Cuisneoirí
3. Oighinn leictreacha
4. Meaisín níocháin/triomadóir rothlaim

I bhformhór na gcásanna, d'fhéadfaí coigilt fuinnimh de thart ar 30% a bhaint amach trí úsáid a bhaint as trealamh nua-aimseartha atá tíosach ar fhuinneamh. Ba cheart go sábhálfadh uasghrádú na bhfearas ar fad in 150 suíomh 525,000 kWh/bliain nó €157,000/bliain.

Micrighiniúnt


Micrighiniúnt Grianphainéal Fótavoltach

Is iad Grianphainéil Fhótavoltacha an fhoirm is coitianta de mhicrighiniúint in Éirinn sa lá inniu ann, agus d'fhéadfadh gur deis infheistíochta mhealltach a bheadh ann má tá an ráta féin-ídithe ard. Go ginearálta, ginfidh suiteáil atá ar aghaidh na gréine 6kVA 5,200 kWh/bliain in iardheisceart na hÉireann. Is éard atá i gceist le féin-ídiú an céatadán leictreachais a ídítear laistigh den ghnó. Má fhéin-ídítear an fuinneamh ar fad ón ngrianphainéal fótavoltach ba cheart go mbeadh a thréimhse aisíoca cothrom le níos lú ná 4 bliana.

Ba cheart go sábhálfadh grianphainéal Fótavoltach a uasghrádú ag 150 suíomh 2,628,000 kWh/bliain nó €657,000/bliain.

Trí úsáid a bhaint as na próifílí fuinnimh atá bailithe againn ón monatóireacht fuinnimh táimid in ann an tslí a bhféadfadh grianphainéil Fhótavoltacha feidhmiú a ionsamhlú dá mbeidís suiteáilte i ngach catagóir, agus is féidir ár dtorthaí a achoimriú thíos:


BialannDhéanach



Fíor 25: Próifíl ídithe fuinnimh bialainne déanaí Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh

Is ionann Fíor 25 agus léiriú grafach ar conas a d'fhéadfaí grianphainéil fhótavoltacha atá ar aghaidh na gréine a chomhtháthú le bialann dhéanach. Gan stóráil fuinnimh shuntasach anseo, i bhfoirm stóráil fuinnimh cheallra nó stóráil theirmeach uisce the, beidh céatadán suntasach den fhuinneamh ginte ó na grianphainéil Fhótavoltacha á easpórtáil chun an ngréille, agus ciallóidh sé sin nach mbeidh aisíoc an chórais chomh tapa le háitreabh ina bhfuil leibhéal níos airde féinídithe agus a bheidh ag brath ar an taraif easpórtála a bheidh á tairiscint ag an soláthraí leictreachais. Bheadh eagar a bhfuil a aghaidh soir níos fearr chun ailíniú leis an bpróifíl ídithe agus d'fhéadfadh sé a bheith níos costéifeachtaí má tá “an méid ceart”.


Teach Lóistín Mór Leaba & Bricfeasta



Fíor 26: Próifíl idithe fuinnimh Tí Lóistín Mhóir Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh

Is ionann Fíor 26 agus léiriú grafach ar conas a d'fhéadfaí grianphainéil fhótavoltaigh atá ar aghaidh na gréine a chomhtháthú le teach lóistín mór. Tá an leibhéal féinidithe réasúnta láidir anseo i rith an lae, ach bheadh eagar grianphainéil fhótavoltaigh a bhfuil a aghaidh soir ag teacht níos fearr leis an áitreabh.

Tábhairne



Fíor 27: Próifíl idithe fuinnimh tí tábhairne Vs próifíl ghiniúna grianphainéil fhótavoltaigh

Is ionann Fíor 27 agus léiriú grafach ar conas a d'fhéadfaí grianphainéil fhótavoltaigh atá ar aghaidh na gréine a chomhtháthú le Teach Tábhairne mór. Tá a bpróifíl ghiniúna ghréine ailínithe go maith lena n-ídiú rud is cúis le ráta féinidithe de bheagnach 100%. Mar is léir ón gcuair, tá sé riachtanach suiteáil “den mhéid ceart” a úsáid chun a chinntiú nach bhfuil barrachas ann.

Uasghráduithe Creatlaí

Is ionann uasghráduithe creatlaí sa phobal agus méaduithe suntasacha ar éifeachtúlacht fuinnimh ach baineann eisíocaíocht chaipitil shuntasach leo freisin. Ainneoin go bhfuil tacaíochtaí ar fáil dá leithéid d'uasghráduithe ciallaíonn tionchar na n-oibreacha, cailteanas ioncain agus tréimhse eisíocaíochta fhada (10-30 bliain) go bhfuil na hiarrachtaí seo ailínithe ar an mbealach is fearr le pleananna fadtéarmacha agus le dúnadh réamhchinnte. Ainneoin go bhfuil sé níos oiriúnú do ghnóthaí séasúracha a dhúnann fad is a bhíonn na hoibreacha á ndéanamh, cuireann úsáid shéasúrach an fhoirgnimh síneadh suntasach leis an eisíocaíocht. Chun na gcríoch sin, tá inghlacthacht agus cumas an phobail chun an chreatlach a fheabhsú i dteannta a chéile teoranta do bhearta beaga cosúil le:

1. Cuasbhallaí a phumpáil.
2. Gloiniú, fuinneoga agus doirse a athsholáthar.
3. Clúdaigh Sheachtracha.
4. Inslíú áiléir.

*Ba cheart go sábhálfadh uasghrádú Creatlaí ag 169
suíomh 5,416,000 kWh/bliain nó €542,000/bliain.*

Uasghráduithe Cuisnithe

Tá líon suntasach trealaimh chuisnithe laistigh den phobal a bhaineann go príomha leis an méid seo a leanas:

1. Fuarstóráil bhia (seomraí fuara, reoiteoirí, aonaid saorsheasaimh)
2. Fuarstóráil deochanna agus deochanna mianraí (seomraí ceaigeanna, fuaraitheoirí beorach, cuisneoirí do dheochanna mianraí)

Is é idir 5 agus 10 mbliana an tréimhse shaoil éifeachtach ionchais a luaitear le haon cheann de na haonaid sin. Nuair a bhí iniúchadh á dhéanamh ar ghnóthaí sa phobal, ba léir go raibh cothromaíocht á cinntiú sa ghléasra - tá meascán de ghléasra atá idir 0-30 bliain d'aois ann. De ghnáth, ní bheidh aonad atá níos sine ná 10 mbliana d'aois 10-15% chomh héifeachtach le haonad nua den chineál céanna. Lena chois sin, tá aonaid “scoiltchúpla” éagsúla in go leor suíomhanna ar féidir, ag deireadh a saolré, aonad aonair ardéifeachtúil amuigh faoin aer a chur ina n-áit. D'fhéadfadh athsholáthar 5 aonad le córas comhbhrú inathraithe aonair a bheith mar bhonn le gnóthachan éifeachtúlachta de 35% i gcomparáid le haonaid den chineál céanna a chur ina n-áit. Chomh maith leis sin, cruthaíonn sé seo deiseanna d'aisghabháil teasa a phléitear sa chéad rannóg eile.

Aisghabháil Teasa

Is teicneolaíocht í aisghabháil teasa a aisghabhálann teas atá á ghiniúint ón bpróiseas fuaraithe sa rannóg cuisnithe thuas. Aistrítear teas dramhaíola go huisce a d'fhéadfadh a bheith chomh te le 70C agus a úsáid i bpróisis eile sa ghnó chun billí Gáis, LPG, Ceirisín nó billí téimh leictrigh a sheach-chur. Is iad na príomhriachtanais atá luaite le haisghabháil teasa ionas go mbeadh sí oiriúnach do do ghnó ná go bhfuil fuarú suntasach á dhéanamh ar an láthair (lárnach) AGUS go bhfuil riachtanas suntasach d'uisce te (i.e. éileamh mór ar uisce te a bhaineann le cóiríocht, cistineacha suntasacha, linnte snámha, éileamh mór agus suntasach ar théamh oíche). Is féidir an teicneolaíocht seo a “bholtáil” agus a úsáid go tapa má tá córas fuaraithe lárnach bunaithe agus tá sí ábhartha go háirithe do bhialanna (ag a bhfuil forchostas cóiríochta go himhianaithe), Tithe Tábhairne móra le cistineacha agus óstáin.

*Ba cheart go sábhálfadh Aisghabháil teasa in 14 shuíomh
113,000 kWh/bliain nó €13,330/bliain.*

Uasghráduithe Téimh oíche

Tá bearta ísealchostais bunaithe ag formhór na láithreán a ndearnadh iniúchadh orthu ar féidir iad a úsáid chun cailleanais agus neamhéifeachtúlachtaí a laghdú. I measc na samplaí de sin tá úsáid a bhaint as rialtáin chliste/uaineadóirí ar chórais teasa, teirmeastait agus fálú píopaí agus umar nach bhfuil inslithe faoi láthair.

Tá deiseanna ann chun córais téimh atá ann cheana a choigeartú chun a chinntiú go bhfuil siad á rith ar an mbealach is fearr. Mar shampla, d'fhéadfaí éifeachtúlacht aonaid téimh chomhdhlúite traidisiúnta LPG nó ceirisín nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach a laghdú ó éifeachtúlacht 90% go dtí éifeachtúlacht 50%.

Is próiseas é téamh oíche a bhraitheann go mór ar go leor tosca seachtracha agus ar chreatlach an fhoirgnimh. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leis an deis a bhaineann leis seo a shainithint má tá caillteanas teasa idir measartha agus ard le tabhairt faoi deara i gcreatlach an fhoirgnimh.

I gcás ina bhfuil caillteanas teasa íseal le tabhairt faoi deara san fhoirgneamh (TCT de níos lú ná 2.4), d'fhéadfaí teas a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as teaschaidéil a laghdaíonn an t-ídiú fuinnimh suas go dtí 75%.

I gcás ina bhfuil caillteanas teasa níos airde le tabhairt faoi deara i bhfoirgneamh (TCT de 2.5 nó níos airde), b'fhéidir nach n-oibreodh teaschaidéil go maith agus gur cheart scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí malartacha téimh a úsáideann bithmhais, bioLPG agus HVO. Ní bhíonn éifeachtúlachtaí fuinnimh nó costais mar thoradh orthu seo, dá bhrí sin, ní chuirfeofar sna tionscadail mholta úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí sin.

*Ba cheart go sábhálfadh uasghrádú téimh oíche ag 169
suíomh 2,166,000 kWh/bliain nó €584,000/bliain.*

Uasghráduithe Téimh Uisce

Tá bearta ísealchostais bunaithe ag formhór na láithreán a ndearnadh iniúchadh orthu ar féidir iad a úsáid chun caillteanais agus neamhéifeachtúlachtaí a laghdú. I measc na samplaí de sin tá úsáid a bhaint as rialtáin chliste/uaineadóirí ar chórais teasa, teirmeastait agus fálú píopaí agus umar nach bhfuil inslithe faoi láthair.

Tá deiseanna ann chun córais téimh atá ann cheana a choigeartú chun a chinntiú go bhfuil siad á rith ar an mbealach is fearr. Mar shampla, d'fhéadfaí éifeachtúlacht aonaid téimh chomhdhlúite traidisiúnta LPG nó ceirisín nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach a laghdú ó éifeachtúlacht 90% go dtí éifeachtúlacht 50%.

D'fhéadfadh caidéil uisce chliste sa chóras téimh costais phumpála a laghdú suas go dtí 90% i gcomparáid le coibhéis chaighdeánach.

Is próiseas é téamh uisce nach mbraitheann ar go leor tosca seachtracha agus ar féidir tairbhe a bhaint as mar dheis d'éifeachtúlacht fuinnimh sa bhreis ar théamh oíche. Tá éagsúlacht ag baint leis an gcumas atá ag gnóthaí difriúla chun ciorcaid téimh uisce agus spáis a scaradh óna chéile go héasca. I gcás inar féidir an téamh uisce a scaradh tá deis ann tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla chun costais agus astaíochtaí a laghdú. Is iad teaschaidéil an phríomhtheicneolaíocht atá ar fáil a d'fhéadfadh ídiú fuinnimh a laghdú suas go dtí 75%.

*Ba cheart go sábhálfadh uasghrádú téimh uisce ag 169
suíomh 1,152,000 kWh/bliain nó €106,000/bliain.*

Leictriú an fhlít

Ní chuimsítear sa chleachtadh MPF sonraí maidir le “flít liath” nó oibríochtaí a bhaineann leis an bhFlít Liath. Baineann na deiseanna thíos le flíteanna atá faoi úinéireacht na cuideachta ar fud an phobail agus meastar go bhfuil 50 feithicil dá leithéid ann.

Baineann deis le húsáid a bhaint as feithicilí leictreacha chun an fuinneamh atá á ídiú ag an bpobal a laghdú 19% agus chun CO_{2e} a laghdú 17% mar aon le haisíoc measta de 4-6 bhliain. D'fhéadfaí an t-athrú seo a dhéanamh sa mheántearma de réir dhímheas na sócmhainní iompair agus leictreachas a sholáthar ag an

gcéad deis eile a bheidh ar fáil. D'fhéadfaí deiseanna malartacha a bhaineann le léasú a scrúdú i dteannta a chéile.

*Tríd an bhflít de 50 feithicil a thiontú go dtí Feithiclí Leictreacha d'fhéadfaí
5,816,000 kWh/bliain nó €550,000/bliain a shábháil.*

Breosla iompair a ionadú le bithbhreoslaí

OGH (Ola Glasraí Hidreachóireáilte)

Is bithbhreosla í sealcharbóin é OGH a úsáidtear seachas gnáthdhíosal. Tá OGH déanta d'ola glasraí agus de shailte i.e. dramhábhar plandaí. Éagsúil le gnáth-bhithdhíosal, úsáidtear hidrigin mar chatalaíoch seachas meatánól, rud a chiallaíonn gur breosla dó níos glaine é OGH, agus cinntíonn sé go bhfuil an tseifré níos faide. Tá sé sábháilte OGH a mheascadh le gnáthdhíosal is cuma faoin toirt atá i gceist, rud a chiallaíonn nach gá aon athrú a dhéanamh ar an trealamh atá in úsáid faoi láthair. Tá sé 100% inmhálartaithe le gnáthdhíosal.

Ní laghdaíonn úsáid OGH ídiú fuinnimh nó cáilíocht an aeir, ach tá 91% níos lú carbóin sa timthriall bithbhreosla i gcomparáid le díosal traidisiúnta. D'fhéadfadh an deis seo an CO₂e iomlán astaithe ag an bpobal a laghdú 26% láithreach baill. Is é an míbhuntáiste atá ann go gcosnaíonn OGH níos mó ná díosal agus go mbeadh an pobal ag déileáil le heasnamh de €60,000 sa bhliain. Deis atá molta ná go mbeadh an pobal in ann teacht ar chomhaontú maidir le praghasphointe go díreach le dáileoir mór OGH a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le praghsanna réamhchúirte. Is cleachtas coiteann é sin le hoibrítheoirí flíteanna móra

Dileá Anaeróbach

Baineann deis shuntasach le forbairt an dileá anaeróbaigh agus an táirgthe bithmheatáin don earnáil turasóireachta agus fáilteachais araon agus don earnáil talmhaíochta chun oibriú le chéile ar mhaithe le dícharbónú tuaithe domhain. Trí úsáid a bhaint as fotháirgí talmhaíochta cosúil le sciodar agus sadhlas chun bithghás a tháirgeadh, is féidir le feirmeacha áitiúla ioncam breise a ghiniúint, a thacaíonn lena n-inmharthanacht eacnamaíoch. Idir an dá linn, is féidir leis an earnáil turasóireachta agus fáilteachais an bithmheatán atá á tháirgeadh go háitiúil a úsáid mar bhreosla inbhuanaithe do chócaireacht, do bháid agus d'fhlíteanna bus, agus an ceantar a chur chun cinn mar Cheann Scríbe Inbhuanaithe. Tá togra á fhorbairt ag Mol Chorca Dhuibhne atá le cur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le saoráid taispeána micreascála a fhorbairt ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Beidh an tionscadal dírithe ar na hoidis bhunábhair agus ar na samhlacha gnó is fearr agus is féidir a fhorbairt, agus é mar aidhm bithábhair áitiúla a phróiseáil, cosúil le holann áitiúil, agus an pobal a ullmhú do spriocanna dícharbónaithe amach anseo i ndiaidh 2030. Ar dtús bhunófaí an tsaoráid taispeántóra ar bhonn seachbhrabúsach, taighde agus é mar aidhm samhail ghnó bhrabúsach a fhorbairt a d'fhéadfaí a mholadh d'infheistíocht faoi stiúir an phobail amach anseo.

Bonneagar Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha

Ní chuirtear luchtú feithiclí leictreacha san áireamh de ghnáth i Máistirphlean Fuinnimh, ach tá a fhios againn gur cheart go mbeadh aird á tarraingt ar an gceist seo san earnáil mar go bhfuil sprioc leagtha síos go mbeadh 30% d'fheithiclí ar cíos ina bhfeithiclí leictreacha faoin mbliain 2030. Ní fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh luchtóirí feithiclí le fáil ag gach teach leaba agus bricfeasta, tithe lóistín agus óstáin mar chuirfeadh

san an iomarca brú ar an eangach. Ní mór, mar sin, féachaint ar réitigh nuálacha sa mheántearma. Ar na roghanna a d'fhéadfaí a thógáil san áireamh tá:

- Iniúchadh a dhéanamh ar réitigh stórála ina mbeadh meascán de PV Gréine agus ceallraí atá nasctha go díreach le luchtú carranna. Laghdódh sé sin na dúshláin bainteach le brú ar an eangach.
- Cuairteoirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as an gcóras iompair poiblí agus as rothair leictreacha d'fhonn an t-éileamh ar chúrsaí fuinnimh a laghdú. Rinne Fáilte Éireann staidéar féidearthachta maidir le forbairt moil r-shoghluaisteachta ar an leithinis in 2023. Ba cheart breathnú ar na pleananna molta sa staidéar sin a chur i bhfeidhm mar chuid den phlean seo.
- Agus é seo á scríobh, tá an tionscnamh Feithiclí Astaíochtaí Ísle Éireann (ZEVI) ag lorg láithreacha oiriúnacha chun clár píolótach luchtaithe EV comhroinnte a dhéanamh. Bheadh sé seo cosúil leis an samhail Airbnb le haghaidh cabhsáin baile nó gnólachtaí áitiúla. Is í an aidhm atá leis ná pointí luchtaithe a úsáid - cinn atá ann cheana féin nó a d'fhéadfadh a chur in áit - i gceantair nach bhfuil mórán páirceála eas-sráide ar fáil iontu. Bheadh córas lárnaithe ag teastáil chun áirithintí agus íocaíochtaí a dhéanamh dóibh sin a bheidh ag reáchtáil na seirbhíse agus d'úsáideoirí araon. Táthar ag súil go gceapfar éascaitheoirí margaidh go luath chun míniú a thabhairt ar conas a d'oibreoidh an córas, chun plé áitiúil a spreagadh agus chun daoine a mhealladh le clárú. Cuidíonn an cur chuige seo le húinéirí feithiclí leictreacha rochtain a fháil ar roghanna luchtaithe iontaofa (agus páirceáil) agus spreagann sé iad siúd atá ag smaoineamh ar charr leictreach a cheannach. Cabhróidh sé le muinín a chothú maidir le hinfhaighteacht seirbhísí luchtaithe, rud a rachaidh chun sochair do cheantair mar Leithinis Chorca Dhuibhne faid atáthar ag fanacht le huasghrádú ar bhonneagar eangaí.

Treochlár

Trí úsáid a bhaint as an gclár Deiseanna, shainnithníomar na tionscadail oiriúnacha fhéideartha seo a leanas atá le cur i gcrích faoi 2040. I dteannta a chéile, táthar ag súil go laghdóidh siad ÉIF an phobail go dtí 7,422 MWh, sin laghdú de bhreis ar 74% agus laghdú carbóin foriomlán de 85%.

I dteannta a chéile, tairgeann gach gníomh toradh coibhéseach le feirm ghréine scála 4 eangach (5MV an ceann). Chosnódh sé sin €20,000,000, bheadh 120 acra talún ag teastáil agus go leor ama chun cead a fháil agus chun a leithéid a chur chun feidhme.

Tá miondealú ar an laghdú sin, bunaithe ar fhoinsé fuinnimh agus ar dheis, le fáil thíos.

Tionscadal	Spríoclón Úsáidí	Laghdú Bliantúil ÉIF (MWh)	Laghdú Bliantúil CO ₂ (t CO ₂)	Coigilteas Bliantúil (€)	Cúnamh Deontais Féideartha (€)	Costas Measta Iardheontais (€)	Am ag teastáil do chur chun feidhme (€)	Laghdú ar CO ₂ e foriomlán
Taraif Fuinnimh	150	0	0	€255,856	€-	€-	2-4 months	0%
Grianphainéil Fhótavoltacha	150	2,628	880	€657,000	€600,000	€3,000,000	2 - 3 years	11%
Soilse LED	200	200	67	€60,000	€100,000	€100,000	less than 1 year	1%
Fearais a Uasghrádú	150	525	176	€157,500	€750,000	€750,000	6-12 months	2%
Leictriú an fhlít	100% (50)	5,816	1352	€550,099	€3,489,473	€3,000,000	4-6 years	17%
Ionadú flít go dtí OGH	100% (50)	-	2094	-€59,597	€-	€-	immediate	26%
Aisghabháil Teasa	14	113	35	€14,000	€50,000.00	€70,000.00	2 - 3 years	
Uasghráduithe Creatlaí	169	5,416	1392	€541,607	€1,404,000	€5,616,000	10 - 15 years	17%
Uasghráduithe téimh oíche (TCFA iarchreatlaí)	169	2,166	1899	€584,936	€845,000	€3,380,000	5 - 15 years	23%
Uasghráduithe Téimh uisce	169	5,316	1152	€106,314	€507,000	€2,028,000	3 -10 years	14%

Tábla 4: Laghdú fuinnimh agus deiseanna.

Anois ní mór dúinn gach tionscadal a mheas bunaithe ar an duine aonair nó ar riachtanais an phobail chun an tionscadal a chur i gcrích agus a sheachadadh. Tá an pobal faoi thionchar roinnt tosca agus tá 4 cinn díobh tábhachtach chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht a chinntiú amach anseo:

1. An deis is mó chun CO₂e a laghdú
2. An Toradh ar Infheistíocht is Tapa
3. An laghdú CO₂e is fearr sa bhliain
4. An laghdú CO₂e is costéifeachtaí bunaithe ar an Euro caite

Turasóireacht & Fáilteachas Chorca Dhuibhne (PFI)

Sa Tábla seo a leanas rangáítear na deiseanna i gcomparáid leis na tosca sin, agus tagraíonn scór de 1 don deis is fearr agus tagraíonn scór de 10 don deis is lú tionchair:

	An deis is mó chun CO ₂ e a laghdú	An Toradh ar Infheistíocht is Tapa	An laghdú CO ₂ e is fearr sa bhliain	An laghdú CO ₂ e is costéifeachtaí
Taraif Fuinnimh	10	1	10	10
Grianphainéil Fhótavoltacha	6	3	4	2
Soilse LED	8	2	8	8
Fearais a Uasghrádú	7	4	7	3
Leictriú an fhlít	3	9	3	7
Ionadú flít go dtí OGH	1	10	1	1
Aisghabháil Teasa	9	5	9	4
Uasghráduithe Creatlaí	4	8	5	9
Uasghráduithe téimh oíche (TCFA iarchreatlaí)	2	7	2	6
Uasghráduithe Téimh uisce	5	6	6	5
Iníúchadh Fuinnimh	NA	NA	NA	NA

Tábla 5: Rátálacha deiseanna.

Mar achoimre ar an CD, tá luach beagnach €18,000,000 de thionscadail i gceist le dícharbónú PFI a mheastar a laghdóidh costais sa bhliain níos mó na €3,000,000, sin fianaise ar aisíoc simplí thar 6 bhliain nó ráta toraidh de 45% thar 10 mbliana d'infheistíocht pobail.

Dá mbeifí chun gach deis a bhfuil aird tarraingthe uirthi a chur chun feidhme, bheadh an laghdú 75% ar fuinneamh mar bhonn le hastaíochtaí carbóin a laghdú 85%. Tá sé sin cothrom le 7,000 Tona de CO₂e sa bhliain nó coibhéiseach le 1700 acra d'fhoraois nádúrtha.

Deiseanna suntasacha de réir na catagóire.

Ainneoin nach bhfuil aon dhá ghnó mar an gcéanna, déantar iarracht sa rannóg seo aird a tharraingt ar chur chuige tosaíochta is oiriúnaí do gach catagóir ghnó sa phobal.

Is é an bealach is fearr chun plean struchtúrtha agus chun bealach chun cinn do do ghnó a chur i gcrích Iníúchadh STIF a dhéanamh ata cosúil leis na hiniúchtaí a rinneadh mar chuid den chleachtadh MPF seo. Tá ÚFIÉ ag tacú le hiniúchtaí STIF agus ceadaíonn siad don ghnó breithniú iomlán a dhéanamh ar roghanna agus plean a fhorbairt go sonrach dá ngnó agus imthosca.

Tionscadal	Teach Lóistín	Óstán	Teach Tábhairne	Café	Bialann	Ionad Campála	Soláthraí Gníomhaíochtaí
Taraif Fuinnimh	1	1	1	1	1	1	1
Iníúchadh Fuinnimh	2	2	2	2	2	2	2
Grianphainéil Fhótavoltacha	3	3	3	3	3	3	4
Soilse LED	5	4	5	5	6	4	3
Fearais a Uasghrádú	4	9	4	4	5	5	7
Leictriú an fhlít	9	11	11	11	11	8	6
Ionadú flít go dtí OGH	10	10	10	10	10	7	5
Aisghabháil Teasa	11	5	6	7	4	11	11
Uasghráduithe Creatlaí	7	7	8	8	8	9	9

Turasóireacht & Fáilteachas Chorca Dhuibhne (PFI)

Tionscadal	Teach Lóistín	Óstán	Teach Tábhairne	Café	Bialann	Ionad Campála	Soláthraí Gníomhaíochtaí
Uasghráduithe téimh oíche (TCFA iarchreatlaí)	8	8	9	9	9	10	10
Uasghráduithe Téimh uisce	6	6	7	6	7	6	8

*ASHP post fabric

Tábla 6: Deiseanna suntasacha de réir na catagóire.